AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.9.2024
COM(2024) 423 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

lena n-eisítear treoracha don Choimisiún chun athnuachaintí ar an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) a chaibidliú

IARSCRÍBHINN

Treoracha Caibidlíochta

1. CUSPÓIR

Leasanna airgeadais agus dlíthiúla Euratom a chosaint i bhfoirceannadh ordúil KEDO.

2. CUR CHUN FEIDHME

Tá athnuachaintí ar chomhaltas Euratom faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) mairfidh an comhaltas an méid ama is gá chun saincheisteanna airgeadais KEDO atá fós gan réiteach le tríú páirtithe a réiteach, ar choinníoll nach mbeidh gá le haon ranníocaíocht airgeadais nua;

(b) Beidh gníomhaíochtaí KEDO teoranta dá leasanna airgeadais a chosaint agus dá fhoirceannadh cuí a ullmhú agus a fhorghníomhú;

(c) leanfaidh gach comhalta eile de Bhord Feidhmiúcháin KEDO dá chomhaltas in KEDO;

(d) beidh na hairteagail maidir le neamhdhliteanas institiúideach agus airgeadais mar an gcéanna leis na hairteagail a bhí i gcomhaontuithe Euratom-KEDO a tháinig roimhe seo;

(e) Beidh Euratom rannpháirteach i ngníomhaíochtaí Bhord Feidhmiúcháin KEDO agus beidh na cearta céanna aige agus atá ag comhaltaí eile an Bhoird Feidhmiúcháin.

Leanfaidh na coinníollacha sin de bheith bailí i gcás comhaontú amháin nó níos mó idir Euratom agus KEDO ar choinníoll nach mbeidh aon tionchar airgeadais ag athnuachan chomhaltas Euratom in KEDO ar bhuiséad an Aontais.